Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2016
(OR. en)

7648/16

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0308 (COD)

FRONT 161
PECHE 124
CODEC 384
COMIX 263

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuaniondaithe/Coiste Measctha |
| An: | 6 Aibreán 2016 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach<br>- Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa |

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 6 Aibreán 2016, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoin sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

Athruithe i ndáil leis an togra ón gCoimisiún, cuirtear in iúl iad le líne fúthu nó le líne tríothu.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Na húdaráis náisiúnta sin a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, tá freagracht orthu i leith raon leathan misean, [...] **a d'fhéadfadh an tsábháilteacht** mhuirí, an tslándáil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, rialú ag teorainneacha, rialú ar iascach, rialú custaim, forfheidhmiú ginearálta dlí agus cosaint an chomhshaoil inter alia **a bheith ina measc**.

(2) An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [...] arna bunú le Rialachán XX/XX[1], agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], tacaíonn siad leis na húdaráis náisiúnta an chuid is mó de na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(3) Ba cheart dóibh, dá bhrí sin, an comhar a neartú, laistigh dá sainordú, le chéile agus leis na húdaráis náisiúnta sin a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh chun feasacht ar dhálaí éagsúla muirí a mhéadú agus chun tacú le gníomhaíocht chomhleanúnach chost-éifeachtúil.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 leis seo mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(j) chun comhoibriú leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [...] agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, laistigh den sainordú atá ag gach ceann acu, chun tacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, **mar atá leagtha amach in Airteagal 7a** [...]:

(a) trí sheirbhísí, faisnéis, trealamh agus oiliúint a chur ar fáil, agus

(b) trí oibríochtaí ilchuspóireacha a chomhordú."

1 Rialachán XX/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX etc.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

(2) Cuirtear isteach Airteagal 7a mar seo a leanas:

**"Airteagal 7a**

Comhar Eorpach chun tacú leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann feidhmeanna an gharda cósta

1. I gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [...] agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, tacóidh an Ghníomhaireacht le húdaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta agus, más iomchuí, ar an leibhéal idirnáisiúnta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhroinnt, comhtháthú agus anailísiú a dhéanamh ar fhaisnéis atá le fáil i gcórais tuairiscithe long agus i gcórais faisnéise eile arna n-óstáil ag na gníomhaireachtaí nó atá ar fáil dóibh, i gcomhréir le bunúis dlí na ngníomhaireachtaí féin faoi seach agus gan dochar d'úinéireacht na mBallstát ar na sonraí sin;

(b) seirbhísí faireachais agus seirbhísí cumarsáide a chur ar fáil arna mbunú sin ar theicneolaíocht úrscothach, lena n-áirítear bonneagar spás-bhunaithe agus bonneagar ar an talamh chomh maith le braiteoirí atá suite ar ardán de chineál ar bith;

(c) acmhainní a fhorbairt trí threoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a chur i dtoll a chéile agus trí thacú le hoiliúint foirne agus malartú foirne, d'fhonn feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus ar chomhar maidir le feidhmeanna garda cósta, agus aird á tabhairt ar thionscnaimh ábhartha sa réimse seo;

(d) comhroinnt acmhainne trí phleanáil agus cur chun feidhme oibríochtaí ilchuspóireacha agus comhroinnt sócmhainní agus inniúlachtaí eile, sa mhéid atá siad á gcomhordú ag na gníomhaireachtaí agus **le comhaontú ó na Ballstáit lena mbaineann.**

2. Rialacha mionsonraithe an chomhair maidir le feidhmeanna garda cósta a dhéanann an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [...] agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, déanfar iad a chinneadh le linn socrú oibre, i gcomhréir leis na sainorduithe faoi seach agus na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis na gníomhaireachtaí. **Déanfaidh Boird Riaracháin na Gníomhaireachta, na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí agus Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann [...] socrú den chineál sin a fhormheas.**

3. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an nGníomhaireacht agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [...] agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, cuirfidh an Coimisiún lámhleabhar praiticiúil ar fáil i ndáil le Comhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais chun faisnéis a mhalartú. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar i bhfoirm moladh.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |